Coinníollacha maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta

TSocruithe Idirthréimhseacha 2019/2020

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Is é *Droichead* an próiseas nua comhtháite ionduchtúcháin do mhúinteoirí agus tá sé ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon. De réir mar a thugann níos mó scoileanna *Droichead* isteach, beidh deireadh á chur leis na próisis thraidisiúnta maidir le Promhadh, Fostaíocht Iarcháilíochta agus an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin.

Le linn na céime fáis seo, tá roinnt beart á dtabhairt isteach ag an gComhairle le tacú leis na múinteoirí agus leis na scoileanna.

Leagann an cháipéis seo amach na roghanna dóibh seo a leanas:

a) múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile a chláraigh le coinníollacha roimh an 1 Meitheamh 2016 agus a thosaigh ag comhlíonadh a gcoinníollacha maidir le cleachtas gairmiúil iarcháilíochta le linn chéim phíolótach *Droichead*

b) múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile a chláraigh le coinníollacha an 1 Meitheamh 2016 agus ina dhiaidh

c) múinteoirí atá cláraithe faoin mBunscolaíocht, nó Bealach 4 Eile, a bhfuil coinníoll *Droichead* nó Promhaidh ceangailte lena gclárúchán agus atá fostaithe i scoil a chuireann *Droichead* ar fáil

Braitheann na roghanna atá ar fáil do gach múinteoir ar na nithe seo a leanas:

a) infhaighteacht phróiseas *Droichead* sa scoil

b) an suíomh fostaíochta e.g. bunscoil, iar-bhunscoil, suíomh RSO

c) méid na scoile i.e i ngach bunscoil ina bhfuil Príomhoide riaracháin nó in iar-bhunscoileanna ina bhfuil breis agus 200 dalta.

d) fad na fostaíochta e.g conradh/tairiscint fostaíochta

Coinníollacha maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta Nósanna Imeachta agus Critéir 2019/2020

Ba chóir na socruithe seo a léamh i gcomhar le Coinníollacha maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta Nósanna Imeachta agus Critéir 2019/2020 a chuireann síos ar na nósanna imeachta do phróiseas *Droichead* agus do na próisis thraidisiúnta (Promhadh, FI agus Clár Ceardlann Ionduchtúcháin). Chomh maith leis sin, tugann sé sonraí iomlána maidir leis na suíomhanna agus leis an incháilitheacht a bhaineann le gach ceann de na próisis; Cuid 2.1.2 Droichead; Cuid 3.1.2 Promhadh; Cuid 3.2.1 Fostaíocht Iarcháilíochta (FI).

Mar riail ghinearálta, táthar ag súil leis go ndéanfadh múinteoirí a bhfuil conradh oiriúnach acu agus atá fostaithe i scoil ina bhfuil *Droichead* ar fáil nó ina mbeidh sé ar fáil le linn na scoilbhliana, próiseas *Droichead* a chur i gcrích.

Ba chóir aon cheisteanna maidir leis na coinníollacha a bhaineann le clárúchán a chur ar ríomhphost chuig **conditions@teachingcouncil.ie**.

1 Bunscolaíocht

1.1. Léargas ar Roghanna 2019/2020 (*Droichead* & Promhadh)

Suíomh 2019/2020	Socrú Conartha/Oibre	Cé acu Próiseas?
Suíomh MOS i Scoileanna Príomhshrutha nó Speisialta	Conradh/tairiscint fostaíochta 60 lá nó níos mó	Is é próiseas *Droichead* an t-aon bhealach le clárúchán iomlán a bhaint amach
Bunscoil ina bhfuil príomhoide riaracháin	Conradh/tairiscint fostaíochta 60 lá nó níos mó	Is é próiseas *Droichead* an t-aon bhealach le clárúchán iomlán a bhaint amach
Bunscoil ina bhfuil príomhoide a bhíonn ag múineadh agus ina bhfuil D*roichead* ar fáil	Conradh/tairiscint fostaíochta 60 lá nó níos mó	Is é próiseas *Droichead* an t-aon bhealach le clárúchán iomlán a bhaint amach
Bunscoil ina bhfuil príomhoide a bhíonn ag múineadh agus nach bhfuil *Droichead* ar fáil inti	Conradh/tairiscint fostaíochta 100 lá nó níos mó	Ní mór Promhadh agus an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin araon a chur i gcrích le clárúchán iomlán a bhaint amach
Bunscoil ina bhfuil *Droichead* ar fáil	Conradh postroinnte don bhliain iomlán acadúil nó conradh le 12.5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar a laghad don bhliain iomlán acadúil	Is é próiseas *Droichead* an t-aon bhealach le clárúchán iomlán a bhaint amach

1.2. Promhadh déanta go pointe áirithe

Is féidir le múinteoir a chuir an chéad 50 lá den phróiseas promhaidh i gcrích faoin bhFoireann Cigireachta roimh an 31 Lúnasa 2019 agus a bhfuil air an 50 lá deiridh a chur i gcrích:

1.2.1. *Droichead* a chur i gcrích má bhíonn sé fostaithe ar feadh 60 lá nó níos mó i suíomh incháilithe ina bhfuil próiseas *Droichead* ar fáil.

NÓ

1.2.2. promhadh a chur i gcrích má bhíonn sé fostaithe ar feadh 50 lá nó níos mó i suíomh incháilithe nach bhfuil *Droichead* ar fáil ann mar a leagtar amach i gcuid 3.1.2 de Chleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta Nósanna Imeachta agus Critéir 2019/2020

NÓ

1.2.3. ar bhonn eisceachtúil, *Droichead* a chur i gcrích má bhíonn sé fostaithe ar feadh 50-59 lá i suíomh incháilithe ina bhfuil próiseas *Droichead* ar fáil. I gcásanna mar sin, níor mhór go n-aithneofaí na 50 lá seirbhíse nó níos mó a cuireadh i gcrích maidir le promhadh mar chreidmheas 10 lá ar a mhéad i dtreo riachtanas 60 lá *Droichead*.

Tabhair faoi deara, le do thoil:

Nóta 1: Ach 1.2.1 nó 1.2.3 thuas a chur i gcrích, bainfear as an coinníoll a bhaineann le *Droichead* agus leis na coinníollacha traidisiúnta maidir le Promhadh agus leis an gClár Ceardlann Ionduchtúcháin ar chur isteach ar an gComhairle Mhúinteoireachta agus ar ghlacadh le Foirm D chomhlánaithe.

Nóta 2: Ach 1.2.2 a chur i gcrích, bainfear as coinníoll an phromhaidh (agus coinníoll *Droichead*) ar chur isteach agus ar ghlacadh le Foirm C chomhlánaithe.

Nóta 3: Sa chás nach ndearnadh coinníoll an Chláir Ceardlann Ionduchtúcháin a chomhlíonadh, beidh sé seo go fóill ina choinníoll ar chlárú an mhúinteora.

Nóta 4: Leagtar suíomhanna incháilithe do bhunscoileanna amach i gCodanna 2.1.2 (*Droichead*) agus 3.1.2 (Promhadh) de *Choinníollacha maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta Nósanna Imeachta agus Critéir 2019/2020.*

1.3 Conarthaí postroinnte nó páirtaimseartha don bhliain iomlán acadúil

Glacfar le hiarratais ar phróiseas *Droichead* don scoilbhliain 2019/2020 do mhúinteoirí atá cláraithe faoin mBunscolaíocht, nó Bealach 4 Eile, agus coinníoll *Droichead* nó coinníoll an Phromhaidh ceangailte lena gclárúchán, atá fostaithe i scoil a chuireann *Droichead* ar fáil agus atá:

1.3.1. ar chonradh comhroinnte ar feadh na bliana iomláine acadúla, lena n-áirítear múinteoirí atá fostaithe ina múinteoirí athsholáthair

NÓ

1.3.2. ar chonradh páirtaimseartha nach lú é ná dhá uair an chloig déag go leith (12.5 uair an chloig) ar feadh na bliana acadúla.

Tabhair faoi deara, le do thoil:

Nóta 1: Maidir le múinteoirí a chomhlíonann ceachtar de na riachtanais incháilitheachta thuas, glacfaidh an Chomhairle le hiarratais ar phróiseas *Droichead* ar an tuiscint go ndéanfar na hiarratais roimh an 30 Meán Fómhair agus go leanfaidh an próiseas ar aghaidh ar feadh na bliana acadúla.

Nóta 2: Ní mór riachtanais eile uile an phróisis a chomhlíonadh ach amháin sa chás go dtugtar díolúine uathu e.g. cnuaschruinnithe, gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla, breathnóireacht.

Nóta 3: Sa chás go mbíonn dhá chonradh pháirtaimseartha ar leith ag múinteoir a chuimsíonn breis agus 12.5 uair an chloig don bhliain iomlán acadúil, féadfaidh sé cur isteach ar *Droichead* fad is a bhíonn *Droichead* ar fáil sa dá scoil agus a chuirtear cnuas-socrú FTG i bhfeidhm más gá. Ba chóir comhairle a iarraidh ón gComhairle Mhúinteoireachta.

1.4 *Droichead* déanta go pointe áirithe (*Droichead* Píolótach)

Is féidir le múinteoir a bhfuil próiseas píolótach *Droichead* curtha i gcrích go pointe áirithe acu laistigh de 100 lá roimh an 31 Lúnasa 2016, ach a bhfuil air an riachtanas seirbhíse a bhaineann leis a chur i gcrích, an riachtanas seirbhíse a chur i gcrích in aon suíomh(anna) incháilithe beag beann ar a rannpháirtíocht in *Droichead*.

Tabhair faoi deara, le do thoil:

Nóta 1: Bainfear as coinníoll *Droichead* (agus an coinníoll traidisiúnta promhaidh) ar chur isteach agus ar ghlacadh le Foirm A chomhlánaithe sa chás gur tugadh faoi Droichead roimh an 31 Lúnasa 2016.

Nóta 2: Sa chás nach ndearnadh coinníoll an Chláir Ceardlann Ionduchtúcháin a chomhlíonadh, beidh sé seo go fóill ina choinníoll ar chlárú an mhúinteora.

2 Iar-bhunscolaíocht

2.1. Léargas ar Roghanna (*Droichead* & FI) do 2019/2020

Suíomh 2018/2019	Socrú Conartha/Oibre	Cé acu Próiseas?
Suíomh MOS i Scoileanna Príomhshrutha nó Speisialta	Conradh/tairiscint fostaíochta breis agus 200 uair an chloig	Is é próiseas *Droichead* an t-aon bhealach le clárúchán iomlán a bhaint amach
Iar-bhunscoil ina bhfuil 200 dalta nó níos mó	Conradh/tairiscint fostaíochta níos lú ná 200 uair an chloig	Féadfar na huaireanta seo a chur i dtreo FI Tá an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin riachtanach freisin le clárúchán iomlán a bhaint amach
	Conradh/tairiscint fostaíochta breis agus 200 uair an chloig	Is é próiseas *Droichead* an t-aon bhealach le clárúchán iomlán a bhaint amach
Iar-bhunscoil ina bhfuil níos lú ná 200 dalta agus a bhfuil *Droichead* ar fáil inti	Conradh/tairiscint fostaíochta níos lú ná 200 uair an chloig	Féadfar na huaireanta seo a chur i dtreo FI Tá an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin riachtanach freisin le clárúchán iomlán a bhaint amach
	Conradh/tairiscint fostaíochta breis agus 200 uair an chloig	Is é próiseas *Droichead* an t-aon bhealach le clárúchán iomlán a bhaint amach
Iar-bhunscoil ina bhfuil níos lú ná 200 dalta agus nach bhfuil *Droichead* ar fáil inti	Aon cheann	Féadfar na huaireanta seo a chur i dtreo FI Tá an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin riachtanach freisin le clárúchán iomlán a bhaint amach

Cuimhnigh, le do thoil, go mbíonn an Chomhairle ag súil leis go ndéanfadh múinteoir *Droichead* a chur i gcrích de réir an tábla thuas beag beann ar na huaireanta atá saothraithe aige cheana féin.

2.2. Fostaíocht iarcháilíochta (FI) déanta go pointe áirithe

Is féidir le múinteoir a raibh tús curtha aige/aici le FI roimh an 31 Lúnasa 2019 ach nach bhfuil an próiseas curtha i gcrích aige/aici:

2.2.1. *Droichead* a chur i gcrích má bhíonn sé/sí fostaithe ar feadh 200 uair an chloig nó níos mó i suíomh incháilithe ina bhfuil próiseas *Droichead* ar fáil. Bainfidh sé seo coinníoll *Droichead* (agus na coinníollacha traidisiúnta a bhaineann le FI agus leis an gClár Ionduchtúcháin) as ar chur isteach agus ar ghlacadh le 'Foirm D *Droichead*' chomhlánaithe.

NÓ

2.2.2. FI a chur i gcrích i suíomh incháilithe

2.2.2.1. I scoil(eanna) *Droichead* má bhíonn sé fostaithe ar chonradh gearrthréimhseach níos lú ná 200 uair an chloig (Nóta 2)

NÓ

2.2.2.2. I scoil(eanna) *Droichead* má bhíonn sé fostaithe ar shraith conarthaí gearrthréimhseacha leanúnacha nó breisithe (Nóta 2)

NÓ

2.2.2.3. In iar-bhunscoil(eanna) ina bhfuil níos lú ná 200 dalta agus nach bhfuil *Droichead* ar fáil inti/iontu

NÓ

2.2.2.4. In aon mheascán de 2.2.2.1, 2.2.2.2 agus 2.2.2.3 thuas.

Tabhair faoi deara, le do thoil:

Nóta 1: Ach é a chur i gcrích faoi 2.2.2, bainfear an coinníoll FI (agus coinníoll Droichead) as ar chur isteach agus ar ghlacadh le Foirm B chomhlánaithe. Ba chóir Foirm B ar leith a chomhlánú do gach scoil inar tugadh faoi FI.

Nóta 2: Beidh dearbhú de dhíth ag múinteoirí atá ag cur isteach ar chríochnú FI faoi 2.2.2.1 agus 2.2.2.2 thuas ó phríomhoide na scoile maidir leis na conarthaí/tairiscintí fostaíochta faoinar fostaíodh an múinteoir.

Nóta 3: Sa chás nár comhlíonadh coinníoll an Chláir Ceardlann Ionduchtúcháin, fanfaidh sé seo ar chlárúchán an mhúinteora agus beidh sé le comhlíonadh chun Clárúchán iomlán a bhaint amach.

Nóta 4: Leagtar suíomhanna incháilithe d'Iar-bhunscoileanna amach i gCodanna 2.1.2 (Droichead) agus 3.2.1 (FI) de *Choinníollacha maidir le Cleachtas Gairmiúil Iarcháilíochta Nósanna Imeachta agus Critéir 2019/2020.*

Nóta 5: Féadfaidh uaireanta a rinneadh le linn scoilbhlianta roimh an scoilbhliain reatha a chur san áireamh san Fhoirm B/sna Foirmeacha B a chuirtear isteach agus/nó is féidir go mbainfeadh na huaireanta sin le scoileanna éagsúla.

2.4. *Droichead* déanta go pointe áirithe (*Droichead* Píolótach)

Is féidir le múinteoir a bhfuil an 100 uair an chloig de phróiseas píolótach *Droichead* curtha i gcrích roimh an 31 Lúnasa 2016 aige/aici, ach a bhfuil air/uirthi an riachtanas seirbhíse 200 uair an chloig a chur i gcrích, sin a dhéanamh in aon suíomh(anna) incháilithe beag beann ar rannpháirtíocht na scoile in *Droichead*.

Tabhair faoi deara, le do thoil:

Nóta 1: Nuair a bheidh an 200 uair an chloig curtha i gcrích, bainfear coinníoll *Droichead* as ar a chlárúchán, ar chur isteach agus ar ghlacadh le Foirm A chomhlánaithe (lena n-áirítear Cuid D den fhoirm sin).

Nóta 2: Sa chás nach ndearnadh coinníoll an Chláir Ceardlann Ionduchtúcháin a chomhlíonadh, fanfaidh sé ar chlárúchán an mhúinteora.

Nóta 3: Ó mhí Mheán Fómhair 2016 i leith, ní mór próiseas *Droichead* a chur i gcrích laistigh den scoilbhliain chéanna.

3 An Clár Ceardlann Ionduchtúcháin (Bunscolaíocht & Iar-bhunscolaíocht)

3.1. *Droichead* Píolótach nó Promhadh/FI curtha i gcrích ach an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin fós le réiteach

Aon mhúinteoir a chuir próiseas *Droichead* i gcrích roimh an 1 Meán Fómhair 2016 (is é sin, le linn phróiseas píolótach Droichead), nó na próisis Phromhaidh/FI a bhfuil coinníoll an Chláir Ceardlann Ionduchtúcháin fós le réiteach aige, ní mór dó riachtanas an Chláir Ceardlann Ionduchtúcháin a chomhlíonadh.

3.2. An Clár Ceardlann Ionduchtúcháin déanta agus súil le *Droichead* a chur i gcrích

Ó mhí Mheán Fómhair 2018 i leith, is féidir le múinteoirí a bhfuil riachtanas an Chláir Ceardlann Ionduchtúcháin (20 uair an chloig) curtha i gcrích acu sin a chur san áireamh má bhíonn siad ag glacadh páirt i bpróiseas *Droichead*. Anois, ní bheidh ar an múinteoir ach freastal ar Chnuaschruinniú 1 le riachtanais Shnáithe B de *Droichead* a chomhlíonadh.

Tabhair faoi deara, le do thoil

Nóta 1: Ní cheadófar Cnuaschruinnithe eile a chur ina ionad seo toisc gur cuid riachtanach é Cnuaschruinniú 1 de chur i gcrích Droichead agus toisc go ndéanann sé soiléiriú ar an bpróiseas, ar na riachtanais agus ar a mbeifear ag súil leis.

Nóta 2: Tá sé roghnach freastal ar Chnuaschruinnithe agus Gníomhaíochtaí Breise Foghlama Gairmiúla agus is faoin múinteoir agus faoin bhFoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) a bhíonn sé seo.

4 Pointí Ginearálta maidir le *Droichead*

4.1. Ní mór do mhúinteoirí atá ag tabhairt faoi phróiseas *Droichead* clárú trí logáil isteach ar 'Mo Chlárú' ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Éilíonn an t-iarratas sonraí maidir leis an dáta ar cuireadh tús le *Droichead*, agus glactar leis gur thosaigh seirbhís incháilithe ón lá sin ar aghaidh, fad is a fhaightear an fhoirm faoi cheann 5 lá oibre i ndiaidh an dáta sin. Sa chás nach gcuirtear an fhoirm isteach faoi cheann 5 lá oibre tar éis thús an phróisis, féadfar a mheas gur cuireadh tús leis 5 lá oibre sular cuireadh an fhoirm isteach ar a mhéad, agus ní ghlacfar le haon seirbhís a cuireadh i gcrích roimhe sin i dtreo an riachtanais seirbhíse incháilithe.

4.2. I gcásanna eisceachtúla, is féidir le múinteoir cur isteach ar phróiseas *Droichead* agus an chéad dá lá de chlár forbartha gairmiúla FTG déanta ag Foireann Tacaíochta Gairmiúla. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil ar an FTG na laethanta forbartha gairmiúla uile a bheith déanta chun an próiseas a chur i gcrích. I gcásanna dá leithéid, féadfar a mheas gur thosaigh seirbhís incháilithe an mhúinteora an lá i ndiaidh don FTG an chéad dá lá den fhorbairt ghairmiúil a dhéanamh, nó ina dhiaidh, nó ar an dáta a cláraíodh le haghaidh próiseas *Droichead* mar a gcuirtear síos air i bpointe 4.1 thuas, cibé cé acu is déanaí.

4.3. Ní mór freastal ar chnuaschruinnithe laistigh den tréimhse a shonraítear ar an iarratas. Ní chuirfear cnuaschruinnithe ar freastalaíodh orthu sular cuireadh isteach ar an bpróiseas san áireamh.

4.4. Níl ach baill den FTG a bhfuil oiliúint iomlán orthu i dteideal Foirm D a shíniú. Tabhair faoi deara, le do thoil, gur gá do bheirt bhall FTG ar a laghad an fhoirm a shíniú nuair a bheidh snáitheanna uile an phróisis curtha i gcrích.

4.5. Is í Foirm D an fhoirm ba cheart a úsáid le próiseas *Droichead* a chur i gcrích. Níor chóir Foirm A a chur isteach ach amháin má cuireadh próiseas píolótach *Droichead* i gcrích roimh an 31 Lúnasa 2016.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Co. Chill Dara, W23 Y7XO, Éire

Glaoch Áitiúil 1890 224 224
Teileafón +353 1 651 7900
Facs +353 1 651 7901
Ríomhphost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle
Mhúinteoireachta
The Teaching Council